

Bileog 11.1

An teicneolaíocht

Stór focal

Bí ag obair leis an duine in aice leat – féachai gí ar an fhoclóir thíos a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta. Cuirigí na focail sna boscaí cearta ar dheis. An féidir libh cur leis an liosta?

Ríomhaire glúine	Caife idirlín
Scáileán	Inneall cuardaigh
Giurléidí	Teachtaireacht téacs
Luch	Físchomhrá
Blagálaí	Seinnteoir MP3
Printéir	Turscar
Guthán póca	An gréasán domhanda
Dúch	Víreas
Tuarthéacs	Clár / cláir ríomhaireachta
Idirlíon	Seirbhís leathanbhanda
Teachtaireacht ríomhphoist	Blag
Íoslódáil	Trealamh
Suíomh gréasáin	Litreoir
Ceangaltá(i)n	Comhad / comhaid
Brabhsálaí	

Cúrsaí ríomhaireachta
Cúrsaí idirlín
Teicneolaíocht eile

Cuirigí an t-alt leis na focail thuas anois!

An teicneolaíocht

Plé

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa:

1. An bhfuil clóscríobh agat? An bhfuil scileanna maithe ríomhaireachta agat? An mbaineann tú úsáid as an ríomhaire go rialta i do chuid oibre?
2. Cé chomh minic is a bhaineann tú úsáid as ríomhphost / as an idirlíon?
3. An mbaineann tú úsáid as seomraí comhrá ar an idirlíon? An siúlfá amach le duine a casadh ort ar an idirlíon?
4. Ar cheart don rialtas cinsireacht a dhéanamh ar an idirlíon, dar leat?
5. Is minic a fhaigheann comhlachtaí eolas fút nuair a thugann tú cuairt ar a suímh ghréasáin – an bhfuil aon rud mícheart leis seo?
6. Cad a cheapann tú faoi dhaoine a íoslódálann ceol ón idirlíon agus nach ndíolann as?
7. Cé acu is fearr, dar leat – siopadóireacht a dhéanamh ar líne nó i siopa?
8. An bhfuil daoine ag éirí níos mífhoighní anois de bharr an idirlín? An mbíonn an tsochaí de shíor ag lorg sásaimh ar an toirt, dar leat?

Bileog 11.1a

Cúrsaí teicneolaíochta

Duine A

Seo thíos alt ó www.nosmag.com faoin bhrabhsálaí **Firefox 3**. Léigh an t-alt go cúramach le duine ó do ghrúpa – tá ról A aigesean freisin. Tá na daoine a bhfuil ról B acu ag léamh ailt faoi ábhar eile. Tóg nótaí agus tú ag léamh mar ar ball beidh tú ag ligean ort go bhfuil tú ag díol an táirge **Firefox 3** le custaiméir – duine a bhfuil ról B aige. Beidh ról B ag díol a tháirge féin leatsa chomh maith.

Caithfidh tú, mar sin, buntáistí an táirge a bhreacadh síos i dtreo is go mbeidh tú in ann é a dhíol. Déan plé chomh maith leis na daoine i do ghrúpa ar an ghné ghramádaí atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu. Beidh tú ag míniú an phointe ghramádaí sin do dhuine le ról B ar ball agus beidh seisean ag míniú pointe gramadaí eile duitse.

Firefox 3 - as Gaeilge

nós*

Más duine tú a chuireann spéis i gcúrsaí ríomhaireachta, tá gach seans ann go bhfuil tú mar chuid de lucht tacaíochta **Firefox**. Murach sin, is dócha go bhfuil tú tinn tuirseach den lucht tacaíochta úd. Pé slí é, tá cloiste ag cách, faoin am seo, faoi **Firefox 3** – an leagan is nua agus is snasta atá eisithe ag **Mozilla** go fóill. Ar aon slat tomhais a bhfuil aithne agamsa air, tagann **Firefox** amach go mór chun tosaigh ar an bpríomh-iomaitheoir atá aige, **Internet Explorer (IE)**. Ní hamháin go mbíonn gach leagan de ar fáil as **Gaeilge** ag an am céanna le gach teanga eile, ach tá sé níos sciobtha agus níos so-aistrithe ná IE chomh maith. Measaim chomh maith go léiríonn sé go bhfuil ciall agus stíl ar leith agat nuair a thuigeann daoine nach mbacann tú le IE - ach ní dóigh liom go mbunaíonn léitheoirí ciallmhara **nós*** a gcinntí teicneolaíochta ar fhaisean, an mbunaíonn? Tá argóintí i gcoinne IE ann, agus argóintí láidre chomh maith – trí neamhaird a dhéanamh de na caighdeáin atá leagtha síos don ghréasán, déanann **Microsoft** obair éinne a dhearann don idirlíon i bhfad níos deacra ná mar is gá dó a bheith. Deir an saineolaí teicneolaíochta Paul Thurrott – duine a thacaíonn le **Microsoft** de ghnáth – “My advice is simple: Boycott IE. It’s a cancer on the Web that must be stopped.”

Tá iontas orm uaireanta nuair a fheicim go bhfuil níos mó daoine fós a úsáideann IE ná mar a úsáideann **Firefox**. Cé go mb’fhéidir go bhfuil mion-laige nó dhó ag an bhrabhsálaí seo, tá sé i bhfad amach chun tosaigh ar iarrachtaí **Microsoft** (más féidir iarracht a ghlaoch ar cad atá á dhéanamh acu le IE). An t-aon chúis nach bhfuilim amuigh ar na sráideanna, ag lorg gealltanais ó chuile dhuine a fheicim go bhfaighidh siad réidh leis an ailse úd, ná an cartún glic seo gur féidir a fheiceáil ag xkcd.com/198/. Mar sin féin, níl aon ghealltanais ann go gcoimeádfaidh sé sin siar ar feadh i bhfad mé - ná bí ar an duine atá fós ag úsáid IE nuair a ghéillim don fhonn!

Diarmuid Ó Muirgheasa

www.getfirefox.com

Cúrsaí teicneolaíochta

Duine A

Anois labhair le duine ón ghrúpa eile (duine ó ghrúpa B) agus déan cur síos cruinn ar cad é go díreach atá i gceist le **Firefox 3** agus déan iarracht an táirge a dhíol leis an duine sin.

Cúrsaí teicneolaíochta

Teanga

Abair leis an duine a bhfuil tú ag obair leis (ó ghrúpa B) cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu sa téacs atá agat féin. Pléigh na rialacha a bhaineann leis an ghné seo leis an duine sin.

Bileog 11.1b

Cúrsaí teicneolaíochta

Duine B

Seo thíos alt ó www.nosmag.com faoi **gmail**. Léigh an t-alt go cúramach le duine ó do ghrúpa – tá ról B aigesean freisin. Tá na daoine a bhfuil ról A acu ag léamh ailt faoi ábhar eile. Tóg nótaí agus tú ag léamh mar ar ball beidh tú ag ligean ort go bhfuil tú ag díol an táirge **gmail** le custaiméir – duine a bhfuil ról A aige. Beidh ról A ag díol a tháirge féin leatsa chomh maith.

Caithfidh tú, mar sin, buntáistí an táirge a bhreacadh síos i dtreo is go mbeidh tú in ann é a dhíol. Déan plé chomh maith leis na daoine i do ghrúpa ar an ghné ghramádaí atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu. Beidh tú ag míniú an phointe ghramádaí sin do dhuine le ról A ar ball agus beidh seisean ag míniú pointe gramadaí eile duitse.

Físchomhrá Gmail

nós*

Tá céim chun tosaigh eile tógtha ag **Gmail** ar lucht soláthar ríomhphoist - agus é ag druidim lena chúigiú breithlá, tá uirlis nua físchomhrá curtha ar fáil ag muintir *Google*. Ba cheannródaí é **Gmail** ar na freastalaithe ríomhphost cúig bliana ó shin nuair a thosaíodar ar theachtaireachtaí daoine a stóráil ar an idirlíon seachas ar thiomántán líonra (*network drive*) in áit ar leith.

Leis seo bhí daoine in ann gigabhearta de theachtaireachtaí agus de chomhaid a choimeád nuair nach raibh ach idir dhá mheigibheart agus cúig mheigibheart á thairiscint ag leithéidí *Hotmail* agus *Yahoo* a bhí ag obair ar an tseanslí. Do dhuine ar bith nach bhfuil teanga an ríomhaire aige, is ionann míle meigibheart agus gigabheart amháin, agus is ionann meigibheart amháin agus idir 1500 agus 2000 focal ar fhad. I ndiaidh bliana nó mar sin bhí an córas nua ríomhphoist seo in úsáid ag *Hotmail* agus *Yahoo* toisc nach féidir paitinn a fháil ar aon rud a bhaineann úsáid as HTML.

I mí Lúnasa 2006 sheol **Gmail** a n-uirlis nua chomhrá. Anois bhí daoine a raibh cuntas **Gmail** acu in ann comhráite téacs a bheith acu, nó Gchomhrá (*Gchat*). D'fhorbair sé seo ar an tslí chéanna le MSN, agus straoiseoga (*emoticons*) ar fáil do lucht Gchomhrá gan mhoill. Bhí MSN ag barr an liosta go fóill ach bhí lucht Gchomhrá ag fás i gcónaí. Idir an dá linn, d'éirigh naisc idirlín níos sciobtha agus bhí sé ar ár gcumas níos mó eolais a sheoladh chuig a chéile. Agus níorbh fhada go raibh bealach ag úsáideoirí **Gmail** leis an leathanbhanda seo a líonadh - Físchomhrá **Gmail**. Tá sé soiléir dom láithreach go mbeadh sé seo an-tairbheach do lucht taistil an J1 agus víosaí oibre in áiteanna ar nós na Stát Aontaithe agus na hAstráile. Tá sé níos saoire ná glaoch gutháin, agus is féidir leat do chlann nó an cailín nó an buachaill sin a d'fhág tú sa bhaile a fheiscint agus tú ar an taobh eile den domhan. **Micheál Johnny Ó Meachair**

Cúrsaí teicneolaíochta

Duine B

Anois labhair le duine ón ghrúpa eile (duine ó ghrúpa A) agus déan cur síos cruinn ar cad é go díreach atá i gceist le **físchomhrá Gmail** agus déan iarracht an táirge a dhíol leis an duine sin.

Cúrsaí teicneolaíochta

Teanga

Abair leis an duine a bhfuil tú ag obair leis (ó ghrúpa A) cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu sa téacs atá agat féin. Pléigh na rialacha a bhaineann leis an ghné seo leis an duine sin.

Bileog 11.2a**Cúrsaí idirlín****Réamhobair éisteachta**

Beidh tú ag éisteacht le clár raidió ar ball ina bhfuil plé ar chúrsaí teicneolaíochta. Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus pléigí cad atá ar eolas agaibh faoi na nithe seo: **Facebook / Sky / Twitter**. An mbaineann sibh féin úsáid as na nithe seo?

Cúrsaí idirlín**Éisteacht**

Éist leis an mhír faoi dhó anois agus freagair na ceistanna thíos leis an duine in aice leat.

1. Cén cineál cláir raidió atá ann dar leat, ón mhéid atá cloiste agat?
2. Tá Mairéad go mór ar son rud éigin agus go mór in éadan rud eile – cad iad? Cad é an teanga a úsáideann sí chun na tuairimí seo a chur in iúl?
3. Is é an tuairim atá ag Mairéad ná go bhfuil sé ‘in aghaidh moráltachta agus in aghaidh an dlí’ a bheith ag scimeáil ar an idirlíon le linn na hoibre! Pléigh.
4. An maith leat an cineál cláir seo? An gceapann tú go bhfuil an Ghaeilge deacair nó easca a thuiscint sa mhír? Cén fáth?

Cúrsaí idirlín**Teanga**

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an bhfrása thíos ón script – cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail i gcló dubh?

‘bhí sé iontach an chaoi **a raibh** sé in ann pictiúir a thógáil’

Cad is féidir libh a rá faoi na samplaí seo a chloiseann sibh go minic sa chaint laethúil?

Conas **atá** tú?

Cén chaoi **a bhfuil** tú?

Cad é mar **atá** tú?

Léigí na rialacha ar **Bileog 11.2b** agus freagraí na ceistanna le chéile.

Cúrsaí idirlín**Rólimirt**

Beidh tú ag déanamh rólimeartha ar ball beag. Míneoidh an múinteoir na rialacha daoibh.

An rún: **Cuireann an t-idirlíon go mór le saol agus le sástacht an duine.**

Ról A	Ról B	Ról C	Ról D
Tá do ghnó féin agat - comhlacht árachais is ea é. Bhí ort srianta a chur ar úsáid an idirlín sa láthair oibre. Tá seoladh ríomhphoist agat agus cuntas <i>facebook</i> . Úsáideann tú an t-idirlíon go minic san obair ach b'fhearr leat casadh le do chuid cairde sa phub ná a bheith ar líne.	Is tuismitheoir tú & caitheann do chuid déagóirí gach nóiméad saor ar an idirlíon. Cé go gceapann tú go bhfuil an t-idirlíon oideachasúil tá tú go hiomlán in éadan na suíomh gréasáin sóisialta ar nós <i>bebo</i> , <i>facebook</i> , <i>twitter</i> srl.	Tá tú ag obair i mbanc. Léann tú an páipéar nuachta ar líne gach maidin. Déanann tú teagmháil le do chuid cairde ar <i>bebo</i> , <i>facebook</i> , <i>twitter</i> srl. Chas tú leis an duine a bhfuil tú ag siúl amach leis ar an idirlíon chomh maith.	Is múinteoir tú. Ní bhaineann tú úsáid as an idirlíon san obair agus ní chreideann tú aon rud a léann tú air. Is minic an t-eolas mícheart ar shuímh ar nós vicipéid, dar leat. Is am amú é a bheith ag scimeáil agus síleann tú go bhfuil <i>facebook srl</i> mímhórála.

Bileog 11.2b**Coibhneas Díreach/Indíreach****Rialacha**

Roinntear abairtí i gclásail éagsúla agus is é an clásal coibhneasta a thugann tuilleadh eolais dúinn faoi dhuine nó rud in abairt.

A. Coibhneas Díreach:*a* agus *nach*(Tá aithne agam ar an duine)+(Rinne an duine é) = Tá aithne agam ar an duine **a rinne é.**Coibhneas **Díreach**

An coibhneas díreach atá ann mar is é an duine céanna atá i gceist ag tús na habairte agus ag deireadh na habairte. Is é sin ná go bhfuil an t-ainmfhocal ag tús na habairte mar ainmní nó mar chuspóir ag an bhriathar a leanann é:

Sin an bhean a bhí ag an chóisir inné.

Sin an buachaill a bhíonn ag súgradh anseo gach lá.

Bíonn coibhneas díreach i gceist chomh maith tar éis na bhfocal seo:

cathain, cé chomh minic is, conas, mar, nuair, cén fhad, cé mhéad, cé a, cad a, céard a, cad é mar.

Na Briathra: *a /nach* a bhíonn roimh na briathra ar fad, i ngach aimsir. Bíonn séimhiú tar éis ‘a’ agus urú tar éis ‘nach’.

B. Coibhneas Indíreach:*ar, nár* + *séimhiú* agus *a / nach* + *urú*(Sin an fear)+(Cheannaigh a mhac carr nua) = Sin an fear **ar cheannaigh** a mhac carr nua.Coibhneasta **Indíreach**

An coibhneas indíreach atá ann mar tá ‘a mhac’ ag tagairt siar don duine nó rud ag tús na habairte:

Sin an bhean a raibh a hiníon ag an chóisir inné (a hiníon – ag tagairt don bhean)

Sin an buachaill a mbíonn daoine ag caint faoi (faoi – ag tagairt don bhuachaill)

Bíonn an coibhneas indíreach i gceist tar éis na bhfocal seo:

Cé + (forainm réamhfhoclach), cad + (forainm réamhfhoclach), céard + (forainm réamhfhoclach), an áit / cén áit, an chaoi / cén chaoi, an dóigh / cén dóigh, an fáth / cén fáth, cad chuige, an tslí / cén tslí

Na Briathra: **ar / nár** + **séimhiú** a bhíonn roimh na briathra rialta san aimsir chaite, **a / nach** + **urú** a bhíonn roimh na briathra rialta i ngach aimsir eile. Is ionann an fhoirm den bhriathar sa choibhneasta indíreach is an fhoirm cheisteach.

Coibhneas Díreach / Indíreach

Cleachtadh

Aistrigh na habairtí seo go Gaeilge:

1. Where did you meet him last?
2. That's the person who went to college in Dublin.
3. That's the person whose son went to college in Dublin.
4. Who went with you?
5. How long will you be in Spain?
6. Why did your mother leave?
7. That's the girl who was attacked by a dog last year.
8. To whom did you give the book?
9. How many children will be with them?
10. How did you do that?

Bileog 11.3a**An t-idirlíon agus nuacht****Réamhobair éisteachta**

Beidh tú ag éisteacht le mír ón raidió ar ball. Pléigh na ceistanna seo leis na daoine i do ghrúpa ar dtús:

1. Cén Ghaeilge atá ar na focail / frásaí seo: *blog*, *blogger* agus *blog* (an briathar)?
2. An bhfuil blag agat féin nó an léann tú blaganna go minic?
3. Cad a cheapann tú faoin choincheap seo de bhlag? An gcheapann tú gur bealach iontaofa é chun nuacht a fháil?
4. An t-idirlíon agus an pholaitíocht – pléigh!

An t-idirlíon agus nuacht**Éisteacht**

Éist leis an mhír anois faoi bhlaganna agus freagraí na ceistanna seo leis an duine in aice leat.

- (a) Cad a cheapann tú faoi cheist chaighdeán na mblaganna? Glac cás na Gaeilge mar shampla - an gcheapann tú go mbíonn caighdeán maith Gaeilge ar na blaganna Gaeilge i gcónaí?
- (b) An daoine naircisíocha iad daoine a bhfuil blag acu?
- (c) Cad a cheapann tú faoin scéal sa mhír seo faoin bhean sa bhialann? Dá léifeá scéal mar sin ar bhlag faoi bhialann a raibh dúil agat inti an rachfá ar ais chun na bialainne sin?
- (d) Baintear úsáid as na focail Bhéarla *blog* agus *blogger* sa mhír. Go minic sa Ghaeilge labhartha is iad na focail a bhaineann le cúrsaí teicneolaíochta a bhíonn i mBéarla - cén fáth, dar leat?
- (e) Cad atá ar eolas agat faoin Choiste Téarmaíochta?
- (f) Cén Ghaeilge atá agat ar ‘the parting shot’?
- (g) An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi na blaganna seo a leanas?

Ach go háirithe

An Saol

An Spailpín Fánach

Arm Rúnda na Gaeilge

Blag Shomhairle

Chetwynde Downs

Hilary NY

Léigh ar mo T-léine é!

MH Wombat

nobyegarawn

Roinnt Smaointe

Seo Panu ag labhairt

Smaointe Fánacha Aonghusa

An t-idirlíon agus nuacht

Léamh

Léigh an sliocht ar **Bileog 11.3b** leis an duine in aice leat. Is sliocht é ó bhlag Thaidhg Mhic Dhonnagáin. Pléigí na ceisteanna thíos:

1. An raibh a fhios agat cérbh é John Cale? Conas a roghnaíonn tú féin ailt le léamh?
An gcaitheann tú eolas a bheith agat faoin ábhar?
2. Ar chuir tú suim ar bith sa scéal seo? Cén fáth?
3. Cuir líne faoi gach sampla den aidiacht shealbhach sa téacs.
4. Cén chanúint atá ag an scríbhneoir, dar leat? Cad a thug é sin le fios duit?

An t-idirlíon agus nuacht

Scríobh

Déan do mhachnamh ar scéal a chuala tú an tseachtain seo agus scríobh sliocht gairid air a bheadh oiriúnach do do bhlag féin!

Bileog 11.3b

An t-idirlíon agus nuacht

Léamh

Garraí Johnny Mhorgan

Cúrsaí cruthaitheachta, cúrsaí na n-ealaíon, dialann - i nGaeilge na hÉireann.

<http://garraijohnnymhorgan.blogspot.com/>



Friday, 3 April 2009

John Cale, an Velvet Underground agus an Bhreatnais

Bhí mé ag éisteacht ar ball le hagallamh ar phodchraoladh ón BBC dá gclár ealaíne "Front Row". John Cale, an cumadóir amhrán agus léiritheoir ceoil ón mBreatain Bheag a bhí faoi agallamh - bhuel, is mar cheoltóir ba mhó a bhí aithne go dtí seo air, b'fhéidir. Bhí sé ina bhall den Velvet Underground le Lou Reed sna seascaidí agus sna seachtóidí i Nua Eabhrac, grúpa a raibh an t-ealaíontóir Andy Warhol mar bhainisteoir acu. Tá sé bainteach riamh ó shin leis an gciorcal ceoil agus ealaíne sin i Nua Eabhrac - mar a bhfuil cónaí le dhá scór bliain air. An fáth go raibh sé faoi agallamh an tseachtain seo ná go mbeidh sé ag déanamh ionadaíochta thar cheann na Breataine Bige ag Biennale Ealaíne na Veinéise - ní mar cheoltóir, ach mar dhearcealaíontóir, ag an imeacht dearcealaíne is mó ar domhan, b'fhéidir, a bhíonn ar siúl i gcathair an uisce san Iodáil, gach re bliain.

An t-ábhar a bheidh á ionramháil ag John Cale sa taispeántas atá sé ag réiteach don Veinéis ná a thógáil mar chainteoir Breatnais sna caogaidí. Mhínigh sé san agallamh gur fhás sé suas i dteach a sheanmháthar. Sasanach ba ea a athair agus cainteoir dúchais Breatnais a mháthair agus a máthair sise. Fear bocht a bhí san athair, mianadóir, fear gan oideachas. Chuaigh an lánúin óg chun cónaithe leis an tseanmháthair th'éis dóibh pósadh. Bhí an-mheas ag a sheanmháthair ar an oideachas - thuig sí gur bealach éalaithe a bhí ann ó bhochtanas shaol an mhianadóira. Bhí sé le tuiscint ón agallamh chomh maith, cé nár dúradh amach é, go raibh an-drochmheas ag seanmháthair Cale ar an rogha céile a bhí déanta ag a hiníon nuair a phós sí an mianadóir bocht Sasanach, nach raibh focal Breatnais ina phluc aige. Is léir chomh maith go mba dheachtóir mná an tseanbhean agus go raibh athair agus máthair Cale araon faoina bois aici.

Bhí cosc iomlán ar Bhéarla sa teach, rud a d'fhág nach raibh focal Béarla ag Cale sular thosaigh sé á fhoghlaim ar scoil agus é seacht mbliana d'aois. D'fhág sé sin (agus seo an rud a ghoilleann ar Cale - go dtí an lá inniu féin, is léir) nach raibh cumarsáid cainte mórán ar bith aige lena athair go dtí go raibh sé seacht mbliana d'aois, nó gur thosaigh sé ag teacht isteach ar an teanga ar scoil.

Cé go bhfuil eolas agam ar cheol John Cale le fada, ba nuacht domsa an t-eolas cúlra seo ar fad. An-spéisiúil, a shíl mé.